Coláiste Naomh Eoin

Inis Meáin, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe
Uimhir rolla / Roll number 76534Q • 099 73991
oifig.eoin@gretb.ie • www.colaistenaomheoin.ie

Fógra Bliantúil maidir le hIontrálacha

Annual Admission Notice 2027/2028

Baineann an fógra seo ó Bhord Bainistíochta Choláiste Naomh Eoin le hiontráil scoláirí don scoilbhliain 2027/2028.

This notice from the Board of Management of Coláiste Naomh Eoin concerns student admissions for the 2027/2028 school year.

Ár misean

Our mission

Is scoil oileáin lán-Ghaeilge í Coláiste Naomh Eoin agus tá aitheantas aici mar Scoil Ghaeltachta. Cothaímid cuimsiú, folláine agus féinmhuinín ionas gur féidir le gach scoláire barr a chumais nó a cumais a bhaint amach. Ullmhaímid scoláirí le bheith ina saoránaigh ghníomhacha dhomhanda agus cothaímid dúil san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Cuid den ghnáthshaol scoile is ea saibhriú na Gaeilge agus na hoidhreachta Gaelaí.

Coláiste Naomh Eoin is an Irish-medium island school recognised as a Gaeltacht School. We foster inclusion, wellbeing and confidence so each student can reach their potential. We prepare students to become active global citizens and encourage lifelong learning. Enriching students' Irish and their understanding of Gaelic heritage is part of everyday school life.

Áiteanna agus foirmeacha

Places and forms

Dáta foilsithe an fhógra *Publication date*	**[Dáta / Date] 01/10/2026**
Líon na n-áiteanna sa Chéad Bhliain *Number of places available in First Year*	**[Líon / Number] 10**
Áiteanna i rang speisialta, más infheidhme *Special class places, where applicable*	**0**
Polasaí Iontrála *Admission Policy*	**Ar shuíomh gréasáin na scoile nó ó oifig na scoile** *On the school website or from the school office* *www.colaistenaomheoin.ie*
Foirm Iarratais *Application Form*	**Ó oifig na scoile nó trí ríomhphost chuig oifig.eoin@gretb.ie** *From the school office or by emailing oifig.eoin@gretb.ie*

Lóistín ar Inis Meáin

Accommodation on Inis Meáin

Eolas le fháil ó oifig na scoile faoi lóistín le teaghlaigh óstacha ar an oileán.

Information about boarding with host families on the island is available from school office

Dátaí iontrála agus cinntí 2027/2028

Admission dates and decisions

Céim / Stage	An Chéad Bhliain First Year	Aistrithe / Transfers Blianta 2–6 / Years 2–6
Tús le glacadh iarratas *Applications open*	**01/10/2026-22/03/2027**	**01/10/2026-22/03/2027**
Spriocdháta chun iarratas a chur isteach *Closing date for applications*	**01/02/2027**	**01/02/2027**
Cuirfear tairiscint nó diúltú in iúl faoin *Offer or refusal will be notified by*	**30/06/2027**	**30/06/2027**
Spriocdháta chun glacadh le tairiscint *Deadline for accepting an offer*	**07/07/2027**	**07/07/2027**

Iarratais dhéanacha agus glacadh le háit

Late applications and accepting a place

Próiseálfar iarratais a fhaightear i ndiaidh an spriocdháta de réir Pholasaí Iontrála na scoile. Chun glacadh le háit, comhlánaigh agus seol ar ais an Fhoirm Ghlactha faoin spriocdháta ábhartha. Féadfar an tairiscint a tharraingt siar mura nglactar léi faoin spriocdháta.

Applications received after the closing date will be processed in accordance with the school's Admission Policy. To accept a place, complete and return the Acceptance Form by the relevant deadline. The offer may be withdrawn if it is not accepted by that deadline.

Riachtanais speisialta oideachais

Special educational needs

Comhoibreoidh an scoil leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta faoi Acht 2004 um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, lena n-áirítear ranganna speisialta a sholáthar agus a reáchtáil ar iarratas ón gComhairle. Comhlíonfaidh an scoil aon ordachán infheidhme faoi alt 37A nó alt 67(4B) den Acht Oideachais, 1998.

The school will cooperate with the National Council for Special Education under the Education for Persons with Special Educational Needs Act 2004, including providing and operating special classes at the Council's request. The school will comply with any applicable direction under section 37A or section 67(4B) of the Education Act 1998.

Iontrálacha sa scoilbhliain roimhe seo

Admissions in the previous school year

An raibh níos mó iarratas ná áiteanna in 2026/2027 sa Chéad Bhliain nó i rang speisialta? *Did applications exceed available places in First Year or a special class in 2026/2027?*	**Ní raibh**
Má bhí, líon na n-iarratas agus líon agus ord na dtairiscintí de réir gach critéir roghnúcháin *If so, applications received and the number and order of offers under each selection criterion*	**Ní bhaineann**